C/2025/109

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An geilleagar ciorclach a ailíniú leis an mbithgheilleagar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/109)

Rapóirtéir: **Cillian LOHAN**

Comhairleoir	Agnieszka SZNYK (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	2.10.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	192/2/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá gá le comhleanúnachas idir an Comhaontú Glas don Eoraip, na gealltanais maidir le forbairt inbhuanaithe, an geilleagar ciorclach agus na spriocanna níos leithne aeráide agus bithéagsúlachta. Comhlánóidh bithgheilleagar láidir an dul chun cinn maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus réiteoidh sé an bealach d'fhás iomaíoch lena n-urramaítear teorainneacha an phláinéid agus na forbartha inbhuanaithe.

1.2. Ba cheart straitéis bhithgheilleagair a chur ar bun atá an-uaillmhianach agus comhleanúnach chun leas iomlán a bhaint as an deis atá ag an Aontas a bheith ina cheannaire domhanda. Ba cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as poist inbhuanaithe ar phá maith, lena n-áirítear i réigiúin thuaithe agus iargúlta. Is féidir an teicneolaíocht atá ann cheana a úsáid chun táirgí agus seirbhísí a bhfuil géarghá leo a chur ar an margadh chun tacú leis an nuálaíocht trí phacáiste reachtach láidir idirnasctha maidir leis an gciorclaíocht.

1.3. Tá sainmhíniú soiléir ag teastáil san Aontas ar cad is bithgheilleagar ann chun go mbeifear in ann béim a leagan go sainráite ar an nasc idir an geilleagar ciorclach agus an bithgheilleagar, sin agus ar an leas is féidir a bhaint as an mbithgheilleagar chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

2. Barúlacha ginearálta

2.1. Ba cheart uathriail straitéiseach a chur san áireamh agus an bithgheilleagar á fhorbairt, agus ba cheart aird chuí a thabhairt ar an iomaíochas mar a shainigh CESE roimhe seo é. [1] Go sonrach, ba cheart a áirithiú trí bhíthin an iomaíochais go dtacaítear le gnó, taighde agus nuálaíocht, sa chaoi gur féidir ardchaighdeáin an Aontais a choinneáil, agus níor cheart caighdeáin agus uaillmhianta ísle a fheictear lasmuigh den Aontas a úsáid mar bhonn cirt le sodar go grinneall.

[1] Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Ár dtodhchaí a dhaingniú — Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil (COM(2024) 63 final) (IO C, C/2024/4667, 9.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4667/oj); Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality [An pacáiste 'Oiriúnach do 55': sprioc aeráide an Aontais do 2030 i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach] [COM(2021) 550 final] (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 275, 18.7.2022, lch. 101).

2.2. Ba cheart an rath a bhí ar thionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh chun samhlacha gnó a chlaochlú agus chun tairbhí a thabhairt do thomhaltóirí a úsáid mar shamhail chun comhtháthú an bhithgheilleagair a chur chun cinn. Ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear béim níos mó a chur ar ghnéithe sóisialta samhla eacnamaíche nua.

2.3. Beidh sé ríthábhachtach tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do cheannródaithe nuálacha san earnáil ghnó chun a áirithiú nach ngearrfar pionós ar luath-ghlacadóirí, go háirithe i gcomhthéacs iomaíochas an Aontais a áirithiú.

2.4. Leis an líonra láidir atá aige, agus go háirithe leis an nGrúpa Comhordaithe a ghabhann leis, ba cheart Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh a úsáid chun an fhoghlaim idir piaraí agus comhroinnt eolais a bhaint amach. Is féidir Mol Eolais an ardáin sin a úsáid chun faisnéis agus saineolas maidir leis an mbithgheilleagar a chomhthiomsú agus a chur ar fáil ([2]).

2.5. Agus leas á bhaint as obair rathúil ambasadóirí óige bhithgheilleagair an Aontais, molann CESE ardán nó líonra buan rannpháirtíochta a bhunú chun ionadaíocht a dhéanamh ar ghuth daoine óga laistigh den bhithgheilleagar, agus chun daoine óga a áireamh mar pháirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta.

2.6. Ba cheart don bhithgheilleagar a bheith comhsheasmhach le prionsabail na ciorclaíochta, go háirithe le prionsabal na húsáide cascáidí. Ba cheart dearadh ciorclach a chuirtear i bhfeidhm ar tháirgí bithgheilleagair agus ar an nuálaíocht a spreagadh, dramhaíl a dhíothú nó a íoslaghdú agus a luacháil agus ionchur fuinnimh a bheith ciorclach. Is é an aidhm ba cheart a bheith ann oibriú le timthriallta nádúrtha.

2.7. Is rogha straitéiseach é an bithgheilleagar a bhfuil infheistíocht, oideachas agus oiriúnú de dhíth air. Ba cheart saoráid foghlama láidir a bheith ann idir piaraí lena gcuirfí ar a gcumas dóibh siúd a bhíonn ag plé leis an mbithgheilleagar foghlaim óna chéile agus samhail foghlama atriallach a fhorbairt. Ba cheart maoiniú agus cistiú a bheith inrochtana go héasca. Ba cheart an t-oideachas sin a áireamh freisin i gcuraclaim do dhaoine óga i scoileanna agus sa ghairmoiliúint.

2.8. Ag tógáil ar thaighde agus ar infheistíocht a rinneadh roimhe seo, ba cheart cistiú sonrach taighde agus nuálaíochta a bheith ar fáil chun deiseanna sa bhithgheilleagair a uasmhéadú. Cuideoidh sé sin le siombóis thionsclaíoch a shainaithint agus leagfar béim ar dheiseanna le haghaidh sochair shóisialta, gan teorainneacha an phláinéid a shárú.

2.9. Braitheann roinnt gníomhaíochtaí úsáide talún a bhaineann le hábhair bhitheolaíocha ar thruailleáin agus ar chleachtais a dhíghrádaíonn ithreacha agus ar ghníomhaíochtaí a ghineann níos mó dramhaíola. Ní thagann na gníomhaíochtaí úsáide talún sin go huathoibríoch faoi raon feidhme an bhithgheilleagair i gcomhthéacs Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais Eorpaigh.

2.10. Is féidir tionscnamh BIOEAST a úsáid mar shamhail le haghaidh comhar san earnáil. Tá ról tábhachtach ag Lár agus Oirthear na hEorpa, lena n-áirítear roinnt mhaith tíortha is iarrthóirí, maidir le luachshocrú bithmhaise.

3. **Comhtháthú beartas lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**

3.1. Is den ríthábhacht go mbeidh tionscnaimh bheartais cosúil le Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais comhleanúnach le beartais eile a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip, Comhaontú Pháras, an geilleagar ciorclach agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. I measc na dtionscnamh ábhartha eile tá an Creat Deimhniúcháin le haghaidh Aistrithe Carbóin, Dlí an Aontais um Athbhunú Dúlra agus an comhaontú sealadach maidir le pacáistíocht, pacáistíocht phlaisteach bhithbhunaithe agus comhaid a bhaineann le cúrsaí bia. D'fhéadfaí Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagair a fhorbairt i dteannta an Ghnímh um an nGeilleagar Ciorclach agus an Ghnímh um an mBith-theicneolaíocht atá beartaithe. Is féidir a áirithiú leis sin go rannchuideodh bithgheilleagar ar leibhéal an Aontais go gníomhach le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach.

([2]) https://circulareconomy.europa.eu/platform/en.

3.2. Tá sé tábhachtach teacht ar chomhaontú maidir le sainmhíniú ar an mbithgheilleagar, ceann lena soiléireofar gur uirlis é an bithgheilleagar chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Chuige sin, ní mór sainmhíniú a leagan síos inar léir gur tosaíochtaí comhpháirteacha agus comhionanna iad na gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a mhéid a bhaineann leis an mbithgheilleagar, agus ní mór don sainmhíniú sin a bheith comhsheasmhach leis na sainmhínithe a úsáideann G20 ([3]) agus na Náisiúin Aontaithe. D'fhéadfadh sainmhíniú den sórt sin straitéisí comhsheasmhacha a áirithiú ar fud na mBallstát agus na réigiún.

3.3. Ba cheart aitheantas a thabhairt don nasc idir an bithgheilleagar agus an geilleagar ciorclach. Cuireann an geilleagar ciorclach cur chuige córas ar fáil chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar shreafaí ábhair a chuireann athúsáid agus athshruthú amhábhar chun cinn, arna spreagadh ag an éicidhearthóireacht. Is ar na prionsabail chéanna a dhíríonn an bithgheilleagar, ach amháin go mbaineann sé le sreafaí bitheolaíocha.

3.4. Ní mór don bhithgheilleagar a bheith comhsheasmhach leis an gComhaontú Gorm. Tá gá le mapáil a dhéanamh ar úsáid acmhainní i gcás ina ríomhtar toirt an uisce in aghaidh an táirge. Tá gá le naisc shoiléire leis an éicidhearthóireacht agus leis an straitéis ceimiceán lena léirítear sláinte na n-éiceachóras agus an duine chun comhleanúnachas beartais a áirithiú.

3.5. Ba cheart iomaíochas a mheas i gcomhthéacs seasaimh de chuid CESE a comhaontaíodh roimhe seo inar cuireadh chun suntais nár cheart an t-iomaíochas a úsáid mar leithscéal chun na ceanglais is íosta maidir le caighdeáin ghlasa agus shóisialta a chomhlíonadh agus gur cheart é a mheas i gcónaí i gcomhthéacs ár ngealltanais maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Tugtar aird ar leith ar an méid seo i dtuarascáil Draghi a foilsíodh le déanaí ([4]).

4. **Teicneolaíocht agus úsáid talún**

4.1. Tá an ghné ardteicneolaíochta tábhachtach a mhéid a bhaineann leis an mbithgheilleagar. Áirítear leis sin dul chun cinn teicneolaíoch agus nuálaíocht lena bhforbraítear comhpháirteanna bithbhunaithe le haghaidh táirgí atá bunaithe ar bhreosla iontaise faoi láthair nó atá neamh-inbhuanaithe ar bhealach eile.

4.2. Tá uirlisí digiteacha agus teicneolaíocha ina spreagadh don éifeachtúlacht sa bhithgheilleagar ach níor cheart iad a bheith ina gcuspóir. Is é an cuspóir atá ann aistriú chuig geilleagar bithbhunaithe agus úsáid éifeachtúil a bhaint as próisis bhitheolaíocha nádúrtha chun inbhuanaitheacht na samhla eacnamaíche a fheabhsú, ag tógáil ar phrionsabail agus ar chuir chuige chiorclacha.

4.3. Is é is aidhm don bhithgheilleagar aistriú cothrom a bhaint amach, agus cleachtais thraidisiúnta agus réitigh dhúlrabhunaithe á n-urramú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an méid sin san earnáil agraibhia, is iomaí feirm teaghlaigh bheag agus mheánmhéide atá ann ina mbaintear úsáid as cleachtais thraidisiúnta athghiniúnacha chun bia ardcháilíochta ardluacha a tháirgeadh gan dul i muinín na hardteicneolaíochta ná na digiteála. Níor cheart an ghné seo a chailleadh san iarracht chun úsáid níos mó a bhaint as an ardteicneolaíocht. Ba cheart tacú le réitigh dhúlrabhunaithe a mhéid a bhaineann le bia agus an comhshaol.

4.4. Is féidir slabhraí soláthair a ghiorrú trí bhíthin na feirmeoireachta uirbí agus na comhroinnte sonraí a bhfuil tacaíocht theicneolaíoch ar fáil ina leith, agus is féidir aghaidh a thabhairt ar an gcur amú bia trí nasc a chruthú leis na moil chiorclacha bhia, rud a thabharfadh an chiorclaíocht agus an bithgheilleagar le chéile. Ba cheart na deiseanna sin a dhearadh i gcomhar le pobail uirbeacha.

4.5. Féadfar úsáid córas nádúrtha chun linnte carbóin a chruthú a fheabhsú agus a spreagadh. Téann foraoisí bithéagsúla a bhainistítear faoi fhoraoiseacht um chumhdach leanúnach, mar is gnách i roinnt mhaith Ballstát de chuid an Aontais, go mór chun tairbhe do ghnéithe éagsúla na hinbhuanaitheachta. Tá roinnt mhaith feirmeacha á mbainistiú cheana féin ar bhealach ina n-úsáidtear an dúlra chun carbón a cheapadh, cuir i gcás trí chleachtais athghiniúnacha a úsáid a mhéadaíonn stóráil carbóin in ithreacha, agus trí ghnáthóga fálta sceach a chruthú agus a chaomhnú mar theorainneacha gort. Is bealach iad na cleachtais sin chun spriocanna aeráide agus inbhuanaitheachta a bhaint amach agus ní mór iad a aithint agus luach saothair a thabhairt ina leith faoi straitéis bhithgheilleagair. Cé go bhfuil sí inmharthana go teicniúil, níltear cinnte fós cé chomh hinmharthana agus atá an teicneolaíocht mheicniúil d'aistriú carbóin ó thaobh na tráchtála de.

([3]) *G20 High-Level Principles on Bioeconomy:* https://www.g20.org/en/news/g20-reaches-consensus-and-establishes-high-level-principles-on-bioeconomy.

([4]) https://commission.europa.eu/document/download/97e481fd-2dc3-412d-be4c-f152a8232961_en?filename=The%20future%20of%20European%20competitiveness%20_%20A%20competitiveness%20strategy%20for%20Europe.pdf.

5. **An ghné shóisialta**

5.1. Tá gné shóisialta bhreise ag baint leis an mbithgheilleagar, is é sin na daoine a bhfuil baint acu leis na gnólachtaí gaolmhara agus na tairbhí a chruthaítear do na pobail.

5.2. A mhéid a bhaineann le straitéis tuaithe agus ceantair thuaithe, chósta agus iargúlta a fhorbairt agus tacú leo, tá deiseanna laistigh den bhithgheilleagar chun poist inbhuanaithe a bhfuil pá maith ag gabháil leo agus deiseanna a chruthú agus chun oiliúint agus sochair shóisialta a chur ar fáil ach forbairt chúramach a dhéanamh ar an mbithgheilleagar atá comhleanúnach leis an gciorclaíocht agus leis an inbhuanaitheacht.

5.3. Leis an tuarascáil ar an idirphlé straitéiseach maidir le todhchaí na talmhaíochta ([5]), tugtar deis prionsabail chiorclacha a chur i bhfeidhm, a bhuí leis an mbithgheilleagar, agus córas bia athléimneach á chruthú san Aontas. Ba cheart tacaíocht agus cistiú lasmuigh den chomhbheartas talmhaíochta (CBT) a shainaithint chun na deiseanna a uasmhéadú agus chun tacaíocht chuimsitheach a áirithiú d'fheirmeoirí ar mhaith leo an t-aistriú sin a bhaint amach.

5.4. Is deis atá sa straitéis bhithgheilleagair chun an bealach a réiteach d'fhís do cheantair thuaithe na hEorpa. Mar chuid den fhís sin, chuirfí folláine na ndaoine sin a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe san áireamh agus thabharfaí tús áite do phrionsabail chomhlántacha na ciorclaíochta lena gcuirtear slabhraí soláthair níos giorra, an deisiú agus an athúsáid chun cinn. Ba cheart di bearta tacaíochta a leagan amach chun daoine óga a chumhachtú chun a chur ar a gcumas athruithe claochlaitheacha a dhéanamh lenar féidir todhchaí an bhithgheilleagair a mhúnlú.

5.5. I measc na dtairbhí sochaíocha níos leithne a bhaineann leis an straitéis sin, tá feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine daoine, coigilteas buiséadach maidir le cúram sláinte a sholáthar agus athbheochan na gceantar tuaithe. Tá gá le taighde chun a áirithiú go gcuirfear cleachtais chun feidhme ar bhonn cothrom agus cóir laistigh den bhithgheilleagar. Ní mór béim a leagan ar na deiseanna ach a bheith réalaíoch ag an am céanna faoi na dúshláin atá ann.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([5]) https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal/agriculture-and-green-deal/strategic-dialogue-future-eu-agriculture_ga.